Teach CCÉ,
Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2
D02 TD72
Guthán: 01 218 4000 |
Facs: 01 283 7678
Gréasán: www.psi.ie |
R-phost: complaints@psi.ie

# Foirm Ghearáin

Is é Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (CCÉ) an rialálaí reachtúil cógaiseoirí agus cógaslann in Éirinn. Rialaíonn CCÉ gairm agus cleachtas na cógaslainne ar mhaithe le sábháilteacht othar agus cosaint an phobail.

## 1. Faisnéis faoin bhfoirm seo

Cabhróidh an fhoirm seo leat chun gearán a dhéanamh in aghaidh cógaiseora nó cógaslainne atá cláraithe le CCÉ. Iarrtar ort a mhéid faisnéise agus is féidir leat a sholáthar mar gheall go gcabhróidh seo le CCÉ do ghearán a láimhseáil. Chun teacht ar bhreis faisnéise faoin bpróiseas gearáin, léigh an Treoir maidir le Gearán a Dhéanamh, le do thoil. Tá an treoir seo ar fáil ar láithreán gréasáin CCÉ www.psi.ie

Seolfar cóip den fhoirm seo agus d'aon cheangaltáin a sholáthraíonn tú chuig an gcógaiseoir agus/nó an chógaslann a ainmnítear. Tabharfar an deis dóibh chun ráitis a sholáthar maidir le do ghearán.

## 2. Do chuid sonraí

| | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Seoladh** | |
| **Uimhir ghutháin** | |
| **Seoladh ríomhphoist** | |

## 3. Sonraí an chógaiseora/na cógaslainne ar mian leat gearán a dhéanamh faoi

Dá mhéid faisnéise is féidir leat a thabhairt dúinn, is fusa a bheidh sé orainn déileáil le do ghearán go tapa. Iarrtar ort ainm iomlán an chógaiseora nó na cógaslainne a bhfuil gearán á dhéanamh faoi chun gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar an gceist.

| | |
|---|---|
| **Ainm an chógaiseora** | |
| **Ainm na cógaslainne** | |
| **Seoladh na cógaslainne** | |

## 4. Sonraí faoin teagmhas nó eachtra ar mian leat gearán a dhéanamh faoi

| | |
|---|---|
| **Dáta(í) an teagmhais/na heachtra** | |
| **An t-am a tharla an teagmhas/an eachtra** | |
| **An áit ar tharla an teagmhas/ eachtra** | |
| **Sonraí faoin teagmhas/eachtra agus faoi do ghearán:**<br><br>***Úsáid mír na nótaí agus/nó ceangail leathanach breise, más gá** | |

**An bhfuil an cháipéisíocht ábhartha ar ceangal?** Tá ☐ Níl ☐

I measc na cáipéisíochta ábhartha, d'fhéadfadh cóip d'oidis, pacáistiú cógais, fáltais, litreacha nó faisnéis eile a bhaineann leis an ngearán a bheith i gceist.

Déanfaidh Coiste Réamhimeachtaí (an CRI) CCÉ breithniú ar do ghearán. Is é ról an CRI cinneadh a dhéanamh faoi cé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn gníomh breise maidir le gearáin a fhaightear. B'fhéidir go lorgóidh an CRI go ndéanfar an méid seo a leanas:

a) aon rud atá sa ghearán a dheimhniú.
b) faisnéis bhreise a thabhairt maidir leis an ngearán.
c) go dtabharfaidh an cógaiseoir nó an chógaslann faisnéis bhreise maidir leis an ngearán.

## Nótaí

## 5. Na chéad chéimeanna eile

Seol d'fhoirm ghearáin agus aon cháipéisíocht a thacaíonn leis:

- **ar ríomhphost chuig**: complaints@psi.ie, nó
- **sa phost chuig**: An tOifigeach Gearán, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann, Teach CCÉ, 15-19 Sráid na bhFíníní, Baile Átha Cliath 2, D02 TD72.

Nuair a fhaigheann CCÉ do ghearán scríofa, déanfaimid an méid seo a leanas:

- scríobh chugat agus thú a chur ar an eolas go bhfuarthas é;
- cóip de do ghearán a sheoladh chuig an gcógaiseoir agus/nó an chógaslann;
- an deis a thabhairt don chógaiseoir nó don chógaslann chun ráitis a sholáthar maidir le do ghearán;
- cóip d'fhreagairt an chógaiseora nó na cógaslainne a sheoladh chugat chun gur féidir leat breis tráchta a dhéanamh orthu;
- aon ráitis bhreise a dhéanann tú a sheoladh chuig an gcógaiseoir nó an chógaslann go
- ndéanfar trácht deiridh orthu;
- an gearán a sholáthar don PPC, go ndéanfar breithniú air.

Tabhair faoi deara, le do thoil, faighimid gearáin a bhaineann le hobair nó le freagracht atá ar eagraíocht eile, amanna. Nuair a tharlaíonn seo, bíonn dualgas orainn iad a chur ar an eolas faoi. Mar shampla, má thugann do ghearán buairt chun solais faoi leanbh nó duine leochaileach a chosaint, tá dualgas orainn an t-údarás ábhartha a chur ar an eolas, ar nós TUSLA agus/nó agus an Garda Síochána.

Glacann an PSI réamhchúraimí chun rúndacht do chuid faisnéise pearsanta a chosaint, agus déanaimid ár ndícheall chun a chinntiú go gcaitear do chuid faisnéise de réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí.

Déan athbhreithniú ar ár Ráiteas um Chosaint Sonraí ar ár suíomh gréasáin, le haghaidh eolas maidir lenár n-úsáid le do chuid faisnéise, agus do chearta maidir leis seo.

Ceadaím an méid seo a leanas:

1. go láimhseálfaidh Coiste Réamhimeachtaí (CRI) CCÉ an gearán seo mar ghearán in aghaidh aon chógaiseora nó chógaslainne is féidir a shainaithint nuair a scrúdaíonn an CRI mo ghearán;
2. go soláthrófar cóip den fhoirm seo, agus aon cháipéisí a sholáthraím leis, don chógaiseoir agus don chógaslann faoina bhfuil an gearán.

**Sínithe**________________________________________ **Dáta** ______________________